

# MA NUA-GHAEILGE

LÁMHLEABHAR
2024–5



## CLÁR


***Réamhrá*** ..... ***2***

***Aidhm*** ..... ***2***

***Leagan amach an chúrsa*** ..... ***2***

**Modúil riachtanacha** ..... **2**

**Modúil roghnacha** ..... **3**

**Modúil i ranna eile** ..... **3**

***Measúnú*** ..... ***3***

**An cúrsa lánaimseartha** ..... **3**

**An cúrsa páirtaimseartha** ..... **4**

**Freastal, réiteach agus rannpháirtíocht** ..... **4**

***Miontráchtas NG699*** ..... ***4***

**Ábhar a chur faoi bhráid na Roinne** ..... **5**

***Bradaíl*** ..... ***5***

***An Dioplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge*** ..... ***6***

***Imeachtaí Acadúla*** ..... ***6***

***Comhordaitheoir an MA*** ..... ***6***

***CLÁR AMA 2024–25*** ..... ***7***

***Modúil 2024–5*** ..... ***8***

**NG606 Modheolaíocht 1** ..... **8**

**NG609 Ceird an Aistriúcháin** ..... **8**

**NG616 Modheolaíocht 2** ..... **9**

**NG623 Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideasa Éireann** ..... **9**

**NG630 An Ghaeilge sna Meáin ó 2RN go dtí an Ré Dhigiteach** ..... **11**

**NG626 Eagrú agus Eagarthóireacht** ..... **10**

**NG628 An Ghaeilge Scríofa** ..... **10**

**NG629 Cruinneas agus Ceart na Gaeilge** ..... **10**

**NG631 An Scríbhneoireacht Ghairmiúil** ..... **11**

**NG632 An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traidisiún na Lámhscríbhinní** ..... **12**

**NG633 Litríocht agus Critic Chomhaimseartha na Gaeilge** ..... **12**

## Réamhrá

Cuireann Roinn na Nua-Ghaeilge fáilte mhór romhat, is cuma más mac léinn a rinne do bhunchéim anseo tú nó má bhí tú ag freastal ar ollscoil eile roimh theacht anseo duit. Is mór againn gur roghnaigh tú Ollscoil Mhá Nuad le tabhairt faoi do chuid staidéir iarchéime agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an tréimhse a chaithfidh tú linn.

## Aidhm

Is é aidhm an MA againn go gcuirfidh mic léinn eolas domhain ar roinnt gnéithe de theanga agus de litríocht na Nua-Ghaeilge (ó 1200 AD i leith) agus go mbeidh saineolas acu ar réimse amháin díobh sin de bharr a gcuid taighde. Tá sé mar aidhm leis an chúrsa go bhfoghlaimeoidh siad modhanna taighde agus go bhforbrófar cumas critice agus anailíse iontu.

## Leagan amach an chúrsa

Is fiú 90 creidiúint an MA ina hiomláine. Tá modúil 10 gcreidiúint (ECTS) agus modúil 5 chreidiúint (ECTS) againn. Ar mhodúil teagaisc atá 60 creidiúint díobh sin ag dul agus leis an miontráchtas (NG699) a bhaineann an fuílleach (30).

### Modúil riachtanacha

Tá 30 creidiúint san iomlán ag dul do na modúil riachtanacha. Is gá clárú do na modúil riachtanacha seo a leanas:

| CÓD | TEIDEAL | CREIDIÚINTÍ | SEIMEASTAR |
|---|---|---|---|
| NG628 | An Ghaeilge Scríofa | 10 | 1 |
| NG606 | Modheolaíocht 1 | 5 | 1 |
| NG629 | Cruinneas agus ceart na Gaeilge | 10 | 2 |
| NG616 | Modheolaíocht 2 | 5 | 2 |

### Modúil roghnacha

Tá 30 creidiúint le déanamh suas ó na modúil roghnacha seo a leanas. Ba chóir modúil a roghnú as an liosta thíos ionas go mbeidh 15 chreidiúint san iomlán agat i ngach seimeastar:

| CÓD | TEIDEAL | CREIDIÚINTÍ | SEIMEASTAR |
|---|---|---|---|
| NG630 | An Ghaeilge sna meáin ó 2RN go dtí an ré dhigiteach | 10 | 1 |
| NG633 | Litríocht agus Critic Chomhaimseartha na Gaeilge | 10 | 1 |
| NG609 | Ceird an aistriúcháin | 5 | 1 |
| NG631 | An Scríbhneoireacht Ghairmiúil | 10 | 2 |
| NG632 | An Nua-Ghaeilge Mhoch agus traidisiún na lámhscríbhinní | 10 | 2 |
| NG623 | Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideasa Éireann | 5 | 2 |
| NG626 | Eagrú agus eagarthóireacht | 5 | |

### Modúil i ranna eile

Is féidir modúl roghnach amháin a dhéanamh le roinn eile de chuid na hOllscoile ach an modúl sin a bheith luaite leis an chúrsa cheana. Ní mór an rogha seo a chur i gcead Stiúrthóir an Chúrsa, an tOll. Fionntán de Brún (fionntan.debrun@mu.ie).

## Measúnú

Aonad neamhspleách is ea gach modúl agus baineann a chóras measúnaithe féin leis: scrúdú, móraiste, tionscna(i)mh, cur i láthair nó meascán de na modhanna measúnaithe seo. Tugtar eolas faoi mheasúnú sa chur síos ar na modúil thíos.

### An cúrsa lánaimseartha

Déanfaidh tú iomlán na modúl i gcaitheamh na bliana maille leis an miontráchtas a scríobh. Ní mór an chéad dréacht den mhiontráchtas ina iomláine a bheith ag an stiúrthóir ar a laghad sé seachtaine roimh an spriocdháta, **19 Meán Fómhair 2025**. Féach fosta: https://www.maynoothuniversity.ie/exams/postgraduate-information.

### An cúrsa páirtaimseartha

Déanfaidh tú leath na modúl i gcaitheamh na chéad bhliana maille le taighde ar an tráchtas. Sa dara bliain, déanfaidh tú na modúil atá fágtha agus críochnóidh tú an tráchtas. Ní mór an chéad dréacht den mhiontráchtas ina iomláine a bheith ag an stiúrthóir ar a laghad sé seachtaine roimh an spriocdháta, **19 Meán Fómhair 2025**. Féach fosta: https://www.maynoothuniversity.ie/exams/postgraduate-information.

### Freastal, réiteach agus rannpháirtíocht

Beifear ag súil leis go mbeidh tú i láthair ag na ranganna/seimineáir uilig agus go mbeidh an réiteach cuí déanta agat lena n-aghaidh. Ina cheann sin, beifear ag súil leis go nglacfaidh tú páirt ghníomhach sa phlé agus sa díospóireacht ar cuid bhunúsach den chúrsa iad. Iarrfar ar mhic léinn cur i láthair a dhéanamh i gcuid de na modúil.

Is mar sheimineáir atá cuid mhaith de na cúrsaí seo á gcur ar fáil. Fágann sin go mbeifear ag súil le rannpháirtíocht ó na mic léinn. Beifear ag súil leis go mbeidh léitheoireacht fhairsing déanta agat ar ábhar na gcúrsaí éagsúla agus go mbeidh fianaise ar an léitheoireacht sin le feiceáil i do chuid oibre i gcaitheamh na bliana mar aon lena rannpháirtíocht sa rang.

## Miontráchtas NG699

Tráchtas 15,000–20,000 focal a scríobhfaidh an mac léinn. Roghnófar ábhar an tráchtais i gcomhpháirt le ball de Roinn na Nua-Ghaeilge a bheidh mar stiúrthóir pearsanta ar an obair. Ní mór don stiúrthóir a bheith sásta go bhfuil na scileanna cuí ag an mac léinn le tabhairt faoi ábhar an tráchtais. Ar shocrú ar ábhar feiliúnach dóibh, beidh cruinnithe rialta ag an mac léinn agus ag an stiúrthóir le dul chun cinn na hoibre a mheas. Beifear ag súil le caighdeán ard acadúil ó thaobh teanga, leagain amach, tagairtí agus plé sa saothar seo.

**Ní mór ábhar an mhiontráchtais a bheith socraithe ag an mac léinn faoin 15 Samhain 2024 agus é sin deimhnithe leis an stiúrthóir pearsanta agus le Stiúrthóir an MA.**

I measc na réimsí taighde lenar bhain tráchtais a scríobh mic léinn le blianta beaga anuas tá: An Teangeolaíocht Fheidhmeach, An Fhiannaíocht, Logainmneacha, An Drámaíocht, An Gearrscéal, an tÚrscéal, An Nua-Ghaeilge Mhoch (filíocht agus prós), Filíocht an Ochtú hAois Déag, An Iriseoireacht, Béaloideas, Curaclam na Gaeilge, Ceird an Aistriúcháin.

### Ábhar a chur faoi bhráid na Roinne

Saothair acadúla ar leibhéal iarchéime atá sna saothair uilig a chuirfidh mic léinn na céime MA faoi bhráid na Roinne. Is den mhórthábhacht go gcuirfí na saothair seo i láthair go slachtmhar, go háirithe ó thaobh na teanga agus an leagan amach, go mbeadh córas ceart tagairtí in úsáid agus go mbeadh an córas sin de réir a chéile. **Beifear ag súil leis go mbeidh an Ghaeilge scríofa ar chaighdeán iarchéime.** Meabhraítear do mhic léinn nach nglacfar le hobair nach bhfuil ar an gcaighdeán sin agus nach mbeidh cead an miontráchtas a chur faoi bhráid na hOllscoile/ na scrúdaitheoirí sa chás go dtabharfadh an stiúrthóir pearsanta le fios nach bhfuil an caighdeán cuí bainte amach. **Chuige sin ní mór toiliú scríofa an stiúrthóra phearsanta a fháil sula gcuirfear an tráchtas faoi bhráid na hOllscoile/ na scrúdaitheoirí.**

## Bradaíl

Tá polasaí láidir ag an Ollscoil i gcoinne na bradaíola (*plagiarism*). Moltar do mhic léinn na Roinne iad féin a chur ar an eolas faoin pholasaí seo agus gan aon obair nach leo féin go hiomlán í a chur faoi bhráid na Roinne. Má tá amhras ar mhac léinn ina thaobh seo, féadfaidh sé/sí labhairt lena stiúrthóir pearsanta nó le teagascóir an mhodúil chuí. Is féidir teacht ar pholasaí na hOllscoile i leith na bradaíola faoin mír 'Plagiarism' ag:
https://www.maynoothuniversity.ie/university-policies/rules-regulations-students.

Féach fosta: https://www.maynoothuniversity.ie/centre-teaching-and-learning/hub/academic-integrity-and-artificial-intelligence. Gheofar eolas anseo ar Intleacht Shaorga agus Ionracas Acadúil.

## An Dioplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge

Sa chás go mbeadh pas faighte ag mac léinn i scrúduithe an chúrsa ach nach n-éireodh léi/leis an tráchtas a chríochnú go sásúil, féadfar Dioplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge a bhronnadh ar an mac léinn sin.

## Imeachtaí Acadúla

Taobh amuigh de na léachtaí, de na seimineáir agus de léachtaí ócáideacha a bheas ar siúl ó am go chéile, moltar do mhic léinn freastal ar na hócáidí taighde agus litríochta a bhíonn ar siúl i gcaitheamh na bliana. Is bealach maith é seo leis an eolas atá agat a fhairsingiú, le tuairimí eile a chloisteáil, agus le haithne a chur ar thaighdeoirí eile. I measc na n-imeachtaí sin, tá: *Léachtaí Cholm Cille* (Márta/Aibreán; Maigh Nuad), *An Chomhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge* (Deireadh Fómhair; Gaillimh), *An Tionól* (Mí na Samhna, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath), *An Chomhdháil ar Theangeolaíocht na Gaeilge* (Aibreán, ollscoil éagsúil gach bliain) agus *Cumann na Sgríbheann nGaedhilge* (Mí na Samhna; Corcaigh).

## Comhordaitheoir an MA

Is é an tOllamh Fionntán de Brún (fionntan.debrun@mu.ie) comhordaitheoir ginearálta an MA. Sa chás go bhfuil aon cheist agat a bhaineann leis an MA, is cóir labhairt leis siúd ina taobh.

# CLÁR AMA 2024–25

## SEIMEASTAR 1

| Modúl | Ainm | Lá agus Am | Áit | Léachtóir | ECTS |
|---|---|---|---|---|---|
| **NG630** | An Ghaeilge agus na Meáin | Luan 3–5 | TSI045 | P. Ó Ciardha | **10** |
| **NG628** | An Ghaeilge Scríofa | Máirt 11–1 | PB1 | B. Ó Catháin | **10** |
| **NG606** | Modheolaíocht 1 | Máirt 4–5 | PB2 | E. Ó Raghallaigh | 5 |
| **NG633** | Litríocht agus Critic chomhaimseartha na Gaeilge | Céad. 1–3 | TS1240 | Caitlín Nic Íomhair | **10** |
| **NG609** | Ceird an Aistriúcháin | Déard. 5–6 | EHCR | T. Ní Mhaonaigh | 5 |

## SEIMEASTAR 2

| Modúl | Ainm | Am | Áit | Léachtóir | ECTS |
|---|---|---|---|---|---|
| **NG631** | An Scríbhneoireacht Ghairmiúil | Luan 4–6 | PB2 | F. de Brún/P. Ó Ciardha | **10** |
| **NG616** | Modheolaíocht 2 | Máirt 11–12 | PB1 | T. Ní Mhaonaigh | 5 |
| **NG632** | An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traid. na Lámhscríbhinní | Le deimhniú | Le deimhniú | E. Ó Raghallaigh/ L. Ní Mhaoláin | **10** |
| **NG629** | Cruinneas agus Ceart na Gaeilge | Céad. 2–4 | PB1 | | **10** |
| **NG623** | Béaloideas na hÉireann/CBÉ | Déard. 3–4 | PB1 | F. de Brún | 5 |
| **NG626** | Eagrú agus Eagarthóireacht | | ar líne | T. Ní Mhaonaigh | 5 |

## Modúil 2024–5

Gheofar gearrchuntas thíos ar ábhar agus ar riachtanais mhodúil na bliana seo. Is de réir ord uimhreach atá na modúil leagtha amach.

### NG606 Modheolaíocht 1 — 5 ECTS

Comhordaitheoir: Eoghan Ó Raghallaigh — Seimeastar: 1

Teagasc: 10 seimineár x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100% (5 thasc scríofa, 20% an ceann)

Is modúl riachtanach é seo. Is éard is aidhm leis an gcúrsa seo go sealbhódh mic léinn scileanna riachtanacha acadúla i dtreo is go mbeidh siad inniúil ar thabhairt faoi thaighde as a gconlán féin. Chuige sin breathnófar ar chórais thagartha, ar leabharliostaí, ar fhoinsí, ar mhodhanna taighde, agus ar réimsí eile d’obair an taighdeora. Bunófar an measúnú leanúnach ar 5 thasc scríofa a bheidh le déanamh ag gach mac léinn. Réiteach tábhachtach atá sa chúrsa seo agus in NG616 don mhiontráchtas a bheidh le scríobh ag gach mac léinn. Ar an ábhar sin, beifear ag súil leis go mbainfidh mic léinn leas as na scileanna a shealbhóidh siad le linn na ranganna seo ina gcuid tionscnamh agus aistí agus sa mhiontráchtas féin.

### NG609 Ceird an Aistriúcháin — 5 ECTS

Comhordaitheoir: Tracey Ní Mhaonaigh — Seimeastar: 1

Teagasc: Meascán de sheimineáir 50 nóiméad agus ceardlanna 100 nóiméad

Measúnú: Measúnú Leanúnach: 100%

Sa chúrsa seo, breathnófar ar cheird (agus ar ealaíon) an aistritheora. Ó tugadh stádas oifigiúil mar theanga laethúil in Éirinn don Ghaeilge ag Acht na dTeangacha agus ag Aontas na hEorpa, tá éileamh mór ar sheirbhísí aistriúcháin, go háirithe ó Bhéarla go Gaeilge. Cuirfear béim, mar sin, ar an aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge agus ar an gcineál ábhair a iarrtar ar aistritheoir na linne seo a aistriú e.g. cáipéisí oifigiúla agus dlí, cáipéisí a bhaineann le gnó agus teicneolaíocht etc. Scrúdófar modhanna

an aistritheora Gaeilge agus na háiseanna atá ar fáil dó/di mar aon lena mbuanna agus a laigí.

### NG616 Modheolaíocht 2 **5 ECTS**

Comhordaitheoir: Tracey Ní Mhaonaigh Seimeastar: 2

Teagasc: 10 seimineár x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100% (leabharliosta anótáilte 50%, cur i láthair 50%)

Is é an aidhm atá leis an modúl seo tógáil ar na scileanna atá sealbhaithe in NG606. Leagfar béim ar leith ar an scríbhneoireacht acadúil ó thaobh stíle agus cur chuige de. Déanfar léamh, mionscagadh agus plé criticiúil ar roinnt téacsanna agus alt a bhaineann le réimsí éagsúla léinn. Bunófar an measúnú leanúnach ar:

(a) leabharliosta anótáilte (Seachtain 7)
(b) cur i láthair substaintiúil ar ábhar an tráchtais (Seachtain 9/10)

Beidh an leabharliosta le críochnú i seachtain 7 agus déanfar an cur i láthair le linn sheachtain 9/10.

### NG623 Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideasa Éireann **5 ECTS**

Comhordaitheoir: Fionntán de Brún Seimeastar: 2

Teagasc: 10 seimineár x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100%

Pléifear dála thraidisiún béaloidis na Gaeilge san 20ú haois, na hiarrachtaí a rinneadh chun an traidisiún sin a chaomhnú agus an díospóireacht a spreag bunú Choimisiún Béaloideasa Éireann. Pléifear an tuiscint a bhí ag bailitheoirí CBÉ ar an traidisiún béaloidis, an obair ghoirt agus na modhanna oibre a chleacht siad agus an chiall a bhí acu d’fhís an Choimisiúin. I measc na gceisteanna a chíorfar, pléifear an rud is traidisiún ann agus an tionchar a bhíonn ag bailiú an bhéaloidis ar an traidisiún agus ar a sheachadadh.

**NG626 Eagrú agus Eagarthóireacht** **5 ECTS**

Comhordaitheoir: Tracey Ní Mhaonaigh Seimeastar: Aibreán – Lúnasa

Teagasc: Obair leanúnach a dhéanfar i gcomhar le comhordaitheoir an mhodúil

Measúnú: Measúnú leanúnach 100%

Is ar an bhfoilseachán stairiúil *Irisleabhar Mhá Nuad* a bheidh mic léinn an mhodúil seo ag obair. Tabharfar deis dóibh baint lárnach a bheith acu le téacs a réiteach don chló, agus ábhar á bhailiú, á leagan amach agus á chur in eagar acu. Is i bhfoirm cruinnithe eagarthóireachta a dhéanfar an modúl seo a reáchtáil.

**NG628 An Ghaeilge Scríofa** **10 ECTS**

Comhordaitheoir: Brian Ó Catháin Seimeastar: 1

Teagasc: 24 seimineár x 50 nóiméad

Measúnú: scrúdú ollscoile (70%) agus measúnú leanúnach (30%)

Féachfar sa mhodúl seo le scileanna teanga an mhic léinn a fhorbairt ag leibhéal iarchéime. Leagfar béim, dá réir sin, ar ghnéithe casta faoi leith de ghramadach na Gaeilge. Pléifear na háiseanna cuí leictreonacha a chuideos leis an mac léinn i réimse na teanga. Iarrfar ar an mac léinn cleachtaí cuí agus aistriúcháin ar ábhair éagsúla a réiteach – is orthu seo a bhunófar marc an mheasúnaithe leanúnaigh.

Buntéacsleabhar: *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. An Gúm: Baile Átha Cliath (1999). Leagan leictreonach ar fáil ag: https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/GGBC_19990-2.pdf.

**NG629 Cruinneas agus Ceart na Gaeilge** **10 ECTS**

Comhordaitheoir: Seimeastar: 2

Teagasc: 24 seimineár x 50 nóiméad

Measúnú: scrúdú ollscoile (70%) agus measúnú leanúnach (30%)

Féachfar sa mhodúl seo le cruinneas teanga an mhic léinn a fhorbairt ag leibhéal iarchéime. Leagfar béim, dá réir sin, ar ghnéithe faoi leith d'fhuaimniú agus de scríobh na Gaeilge. Pléifear go mion sleachta éagsúla Gaeilge ó thaobh na brí agus na gramadaí. Díreofar ar roinnt áiseanna cuí leictreonacha/ téacsanna a chuideos leis an mac léinn dul i dtaithí ar bhlas agus ar dhul ceart na Gaeilge. Iarrfar ar an mac léinn cleachtaí cuí agus aistriúcháin ar ábhair éagsúla a réiteach – is orthu seo a bhunófar marc an mheasúnaithe leanúnaigh.

Buntéacsleabhar: *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. An Gúm: Baile Átha Cliath (1999). Leagan leictreonach ar fáil ag:
https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/GGBC_19990-2.pdf.

### NG630 An Ghaeilge sna Meáin ó 2RN go dtí an Ré Dhigiteach **10 ECTS**

Comhordaitheoir: Pádhraic Ó Ciardha Seimeastar: 1

Teagasc: 20 rang x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100%

Pléifear dúshlán na teanga sa tréimhse ó na mórmheáin nua a tháinig chun cinn díreach tar éis ré na hAthbheochana: 2RN go Radio Éireann, Amharc Éireann, Mise Éire agus iarracht Ghael Linn cead an Rialtais a fháil an tseirbhís nua teilifíse a bhunú. Lena chois sin, déanfar plé ar Telefís Éireann agus an geall a briseadh. Déanfar luacháil ar an ré órga sin ó Raidió na Gaeltachta go TG4 agus déanfar cíoradh ar an réabhlóid dhigiteach, baol nó deis?

### NG631 An Scríbhneoireacht Ghairmiúil **10 ECTS**

Comhordaitheoir: Fionntán de Brún Seimeastar: 2

Teagasc: 24 rang x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100%

Díreofar ar scileanna na scríbhneoireachta gairmiúla agus leagfar béim ar leith, dá réir sin, ar na riachtanais a bhaineann leis an iriseoireacht, an scríbhneoireacht scripte agus an scríbhneoireacht léannta. Chuige sin, díreofar ar thascanna praiticiúla scríbhneoireachta d'fhonn taithí a fháil ar an scríbhneoireacht ghairmiúil i gcomhthéacsanna éagsúla. Beidh aoiléachtóirí againn a bhfuil saineolas acu ar ghnéithe áirithe den scríbhneoireacht ghairmiúil.

### NG632 An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traidisiún na Lámhscríbhinní

**10 ECTS**

Comhordaitheoir: Eoghan Ó Raghallaigh/Lára Ní Mhaoláin Seimeastar: 2

Teagasc: 20 rang x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100%

Breathnófar ar theanga agus ar litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche agus déanfar anailís ar théacs(anna) filíochta agus/nó próis. Breathnófar freisin ar thraidisiún lámhscríbhinní na Gaeilge agus múinfear léamh lámhscríbhinní.

### NG633 Litríocht agus Critic Chomhaimseartha na Gaeilge **10 ECTS**

Comhordaitheoir: Caitlín Nic Íomhair Seimeastar: 1

Teagasc: 24 rang x 50 nóiméad

Measúnú: Measúnú leanúnach 100%

Déanfar plé ar litríocht agus ar chritic chomhaimseartha na Gaeilge sa mhodúl seo d'fhonn scileanna anailíse na mac léinn a fhorbairt agus chun tuiscint na mac léinn ar dhioscúrsa na litríochta agus na critice comhaimseartha Gaeilge a mhéadú. Leagfar béim ar an phlé a dhéanfar sna seimineáir chomh maith leis an obair scríofa a dhéanfar don mhodúl.